

# **Athbhreithniú an Cheannasaí ar 2004**

## **Réamhrá**

Mar chraoltóir seirbhíse poiblí a bhfuil de dhualgas air seirbhís náisiúnta teilifís a sholáthar trí Ghaeilge, ba bhliain shásúil dhúshlánach í 2004 do TG4. Le linn na bliana seo, thóg an cainéal ar an mbonn seasmhach, costas-éifeachtach a bhí bunaithe aige sna blianta roimhe sin.

B'í an phríomhaidhm agus an sprioc ba thábhachtaí i rith na bliana ná cláracha ardchaighdeáin a choimisiúnú ar bhonn costas-éifeachtach chun freastal ar riachtanais an chlársceidil. Cláracha do pháistí/cláracha Gaeilge ab ea 52% dár gcláracha.

Choimisiúnaigh muid 462 uair an chloig de chláracha nua-léirithe Gaeilge, mar aon le soláthar 365 de nuacht agus cláracha a fháil ó RTÉ. Cuireadh athghuthú Gaeilge ar 180 uair an chloig de chláracha do pháistí.

Bhuaigh cláracha TG4 go leor duaiseanna agus gradaim aitheanta i rith na bliana.

Cuireadh tús le comhráití le Cumann Lúthchleas Gael maidir le Conradh nua cearta – críochnófar seo i 2005.

Mhéadaigh muid ár scair fhéachana, rinneadh forbairt bhreise ar ár Suíomh Idirlín agus tháinig méadú drámatúil ar an líon cuairteoirí Idirlín.

Leanamar leis an obair fhorbartha féachaint le maoiniú a fháil ón dá chiste nua-bhunaithe léiriúcháin sa Phoblacht agus i dTuaisceart Éireann ach b'ábhar frustrachais dúinn an mhoill ar bhunú Chiste Speisialta Choimisiún Chraolacháin na hÉireann.

Fuaireamar méadú €1m ar ár maoiniú ón Roinn agus tháinig méadú suntasach ar ár n-ioncam tráchtála.

Bunaíodh meitheal oibre nua ag deireadh na bliana chun bainistiú a dhéanamh ar an tréimhse eatramhach go neamhspleáchas.

Leanamar lenár n-iarrachtaí go mbeadh comhartha TG4 ar fáil níos forleithne i dTuaisceart Éireann

### **Cláracha**

Choimisiúnaigh muid os cionn 30 Clár Faisnéise i rith na bliana, ina measc *Bréagáin*, *Ringy*, *Cinegaele Paradiso*, *Tubaiste an Chloiginn* agus *Butte Montana*.

I réimse na Drámaíochta leanamar lenár bpáirtíocht sna tionscnaimh *Oscailt* agus *Lasair*, léiríodh 36 uair an chloig de *Ros na Rún*, eagrán speisialta Lá Nollag ina measc. Léiríodh *FFC*, sraith nua grinn, i bpáirt le hÚdarás na Gaeltachta, Telegael agus comhlacht áitiúil léiriúcháin i dTír Chonail. Tá súil againn go leanfar leis an togra cruthaitheach dúshlánach seo do shéasúir eile.

Maidir le réimse na Siamsaíochta, rinneadh forbairt ar shraith nua ceoil, *Ceol Tíre*, fuair na *Underdogs* an dara séasúr agus chuireamar sraith nua taistil, *Neelo* i láthair an phobail.

Bhí an Ceol go láidir i sceideal TG4 agus craoladh *Ceolchoirm Ghradam Ceoil TG4* ó Ollscoil Luimnigh den dara bliain as a chéile. I measc na sraitheanna eile bhí *Sé Mo Laoch*, *Ceird an Cheoil*, *Caipíní*, *Éalú* agus *Laochra Gael*.

Craoladh 58 uair an chloig de léiriúcháin inmheánacha TG4 i rith na bliana agus os cionn 1,700 uair an chloig de chláracha páistí.

Léiríodh 170 uair an chloig de bheochraolta spóirt, ina measc *GAA Beo*, *Peil na mBan*, *Rugbaí Beo*, *Sacar UEFA* mar aon le rásaí capall ó Ghailimh agus, den chéad uair riamh, ó Lios Tuathail.

Craoladh cheithre chlár ó Oireachtas na Gaeilge in Leitir Ceanainn, ina measc *Steip*, beochraoladh ar an gcomórtas Damhsa ar an Sean-Nós.

Chuir RTÉ soláthar 365 de chláracha ar fáil do TG4, ina measc *Nuacht TG4, Ardán, Bia 's Bóthar, Tuath Nua, Coinne Le* agus cláracha do pháistí.

Bhí páiste as gach cúigear in Éirinn ag tiúnáil ar *Cúla4* ar bhonn laethúil i rith na bliana. Rinne 2,500 páiste teagmháil leis an gclár trína chomórtais ar an scáileán. Thug an Seó Bóthair Samhraidh ag *Cúla4* cuairt ar ocht n-ionad, rud a thug ceangal díreach leis an gclár agus a láithreoirí do 3,000 páiste. Sheolamar físeán den tsraith *Clifford* freisin i bpáirt leis an eagraíocht Comhluadar.

Cruthaíodh íomhá nua do TG4 ar an scáileán i rith na bliana agus bhuaigh siad seo dhá dhuais aitheanta, Cloigín Óir ó ICAD agus ainmniúchán amháin Promax Eorpach. Cuireadh feabhas breise ar sheirbhís aimsire an chainéil i rith na bliana agus leanamar lenár bpáirtíocht fhógraíochta le RTÉ Raidió na Gaeltachta.

### **Duaiseanna agus Gradaim**

Bhuaigh cláracha agus láithreoirí TG4 go leor duaiseanna aitheanta agus gradaim ag féilte agus ag comórtais náisiúnta agus idirnáisiúnta i 2004. B'é buaic na ngradam seo an carn mór duaiseanna a thuill an gearrscannán grinn *Yu Ming is Ainm Dom* do TG4 i rith na bliana. Seo achoimre ón liosta fada duaiseanna a bhuaigh sé i 2004 amháin; An Clár Gaeilge is Fearr ag IFTA (Gradam Scannán agus Teilifís na hÉireann) An Clár Grinn is Fearr (Idirnáisiúnta) ag an Aspen Shortsfest, An Stiúrthóir Nua is Fearr ag an bhFéile Cheilteach Scannán agus Teilifíse, Gearrscannán is Fearr ag Fleadh Scannán Nua Eabhrac, Duais na Meán Físe ag MAMA agus an Gearrscannán is Fearr ag Britspotting, Féile Neamhspleách Ghearrscannán Bheirlín.

Ar na duaiseoirí suntasacha le TG4 ag an bhFéile Cheilteach Scannán agus Teilifíse 2004 i nDún Dé bhí *Harry Clarke- Dorchadas i Solas*

(Clár Faisnéise Ealaíne is Fearr) agus *Frank Ned agus Busy Lizzie*  
(Gnéchlár Faisnéise is Fearr)

Bhí bua dúbailte ag TG4 ag Gradaim Cumarsáide an Oireachtais, áit ar thug Hiúdaí, an láithreoir páistí agus an clár *Gradam Ceoil TG4* duaiseanna leo.

Fuair brandáil nuálach agus íomhá shainiúil ghraificí an chainéil aitheantas, ardmholadh agus duaiseanna dúbailte deartha ag príomhchomórtas deartha na tíre - ICAD 2004. Thug an saothar seo – a rinneadh go himmheánach i TG4 – an bhuaic-dhuais, An Cloigín Óir – leis, éacht ar leith nuair a mheabhraítear gurb í foireann TG4 féin a chum, a cheap agus a thug chun críche an obair ar fad.

Anuas ar an duaiseanna agus na gradaim seo ar fad, tugadh aitheantas ar ghearrliosta nó ardmholadh do léiriúcháin eile go leor de chuid an chainéil ag na féilte agus na taispeántais eile ina raibh siad páirteach. Lean léirmheastóirí agus tráchtairí sna meáin dá moladh ar ardchaighdeán agus cur chuige dúshlánach na gclár ar TG4.

### **Tuaisceart Éireann**

De réir na bhforálacha i gComhaontú Aoine an Chéasta, d'fhógair Státrúnaí Thuaisceart Éireann in Aibreán 2004 go raibh an Ciste Léiriúcháin Gaeilge le bunú, cinneadh a rabhthas ag fanacht le tamall fada leis. Tugadh le fios sa bhfógra sin go mbeidh £12m ar fáil don Chiste thar tréimhse trí bliana agus gurb é Coimisiún Scannán agus Teilifíse Thuaisceart Éireann a bheadh i mbun riарtha an Chiste. Lean TG4 dá dhlúth-pháirtíocht leo sin atá i mbun dréachta agus feidhme an Chiste agus b'ábhar sásaimh do TG4 go raibh ionadaí dá chuid ar an gCoiste Comhairleach agus ar an gCoiste Infheistíochta a lean as sin faoi scáth an Choimisiúin.

Tá raon leathan tionscnamh agus clár dréachtaithe ag TG4 a thagann le Treoirlínte agus Tosaíochtaí an Chiste agus beidh siad seo á gcur faoi bhráid an Chiste i bpáirt le comhlachtaí neamhspleácha léiriúcháin, faoi mar atá molta mar nósmaireacht oibre ag an gCiste.

Maidir le foráil eile an Chomhaontuithe (i ndáil le comhartha craolta TG4 a leathadh i dTuaisceart Éireann), rinneadh dul chun cinn suntasach i 2004 ar bhaint amach chead agus toiliú na dtreas páirtithe is gá le go dtarlódh sin. Cé nár éirigh linn, faoi mar ba mhaith linn, tús a chur le dáileadh incriptithe satailíte ar TG4 i dTuaisceart Éireann i 2004, ar chúiseanna iomadúla nach raibh smacht againn orthu, tá dóchas againn go mbeidh tús leis seo faoi Aibreán 2005.

Leanann páirtíocht TG4 leis na húdaráis agus leis na háisíneachtaí cuí, thuaidh agus theas, le go leathfar comhartha craolta TG4 ar gach ardán dáilithe teilifíse i dTuaisceart Éireann.

### **An Ciste Speisialta Craolacháin (Coimisún Craolacháin na hÉireann)**

Faoi reachtaíocht a tháinig i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2003, íoctar 5% den ghlanioncam ó tháillí ceadúnais teilifíse le Ciste speisialta a riarfaidh Coimisún Craolacháin na hÉireann. Faoi dheireadh na bliana 2004, bhí €17m íoctha isteach sa gciste seo.

Cé nach gcuirfear tús le caitheamh an airgid ón gciste seo go dtí go mbeadh an cead agus an toiliú is gá faighte ón Rialtas agus ón Aontas Eorpach, lean TG4 air i 2004 dá chomhráite leis an gCoimisún Craolacháin ag gach céim den phróiseas comhairlitheach féachaint le dréachtscéim a chur le chéile don Chiste seo.

Tá raon cuimsitheach clár agus tograí eile ullmhaithe ag TG4 a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin a luaithe is a bheidh scéim ceadaithe don Chiste agus iarratais á lorg chuige.

### **Screen Producers Ireland**


Leanann comhpháirtíocht TG4 le SPI towards ar mhaithe lena gcomhleas. Thiomsaigh agus d'fhoilsigh SPI Tuarascáil dar teideal A report entitled *Anailís ar an earnáil léirithe teilifíse neamhspleách mar a bhaineann le TG4* i bhFómhar 2004.

Tá ar fáil sa tuarascáil sin, taighde mhion fhorleathan ar a bhfuil déanta ag TG4 d'fhorbairt na hearnála léirithe neamhspleáigh, go háirithe sa nGaeltacht mar aon le cás láidir stuama do mhéadú


suntasach ar an leibhéal reatha maoinithe a fhaigheann TG4 ón Státchiste.

## Figióirí Féachana 2004

Chruthaigh TG4 go sármhaith arís i 2004, ní amháin le leanacht lena mhéadú leanúnach, bliain ar bhliain ó 1997 ar an scair bhliantúil fhéachana, ach trí scair bhliantúil os cionn 3% a bhaint amach den chéad uair riamh. 3.1% de scair fhéachana náisiúnta laethúil a bhí ag an gcainéal i 2004, méadú beagnach cheithre uaire go leith ar scair 1997.



Cá bhfágann seo TG4 i dtéarmaí an mhargaidh náisiúnta teilifíse in Éirinn? Tugann an léaráid seo an scair iomlán fhéachana do na cainéil teilifíse is mó in Éirinn i 2004.



Tá beagán le cois 50% den scair iomlán fhéachana ag na cainéil dhúchasacha anois. Faoi mar atá glacadh ar chainéil mhóra iasachta ag 80% de theaghlaigh sa tír (agus an fhigiúir sin ag fás i gcónaí) is amhlaidh is géire an brú ón taobh amuigh ar chainéil na hÉireann.

Is í an ghné ba shuntasáí le cúpla bliain anuas go raibh an brú ar na cainéil bhunaithe dhúchasacha Éireannacha agus Bhreataineacha ag géarú faoi mar a bhí an fhéachaint ar chainéil dhigiteacha shainspéise nó imeallacha ag neartú. Fágann an comhthéacs seo gur éacht ar leith atá déanta ag TG4 lena mhéadú leanúnach ar a scair fhéachana gach bliain.




Scair fhéachana 1.1% a bhí ag TG4 i 1999. D'fhág sin é ag uimhir 13 sa liosta féachana Éireannach ag an am, chun deiridh ní amháin ar na cainéil dhúchasacha eile as Éirinn agus mórchainéil na Breataine Móire, ach ar chúla Sky One, Sky News, Sky Sports 1, Nickelodeon agus MTV. Cinntíonn an scair 3.1% i 2004 go bhfuil TG4 anois ag uimhir 8 sa liosta sin, chun tosaigh ar Sky News, Sky Sports 1, Nickelodeon agus MTV agus ar chomh-chéim le Sky One. Go deimhin, sa dara leath den bhliain chuaigh TG4 chun cinn ar Sky One agus chuaigh chun tosaigh ar BBC2 and Channel 4 le linn na Nollag.

Is é an clúdach spóirt an réimse aonair clár is mó a thuill lucht féachana do TG4. Baineann beochlúdach an chainéil ar iomáint agus ar pheil Ghaelach amach figiúirí suntasacha féachana agus i 2004 b'é *GAA Beo* a bhí i gceist do 12 as an 20 clár ab airde féachaint ar an gcainéal. Thuill an beochlúdach ar Chluiche Ceannais na Sraithe Peile Allianz idir Gaillimh agus Ciarraí agus Cluiche Ceannais na hÉireann i gCraobh TG4 i bPeil Shinsear na mBan idir Gallimh agus Baile Átha Cliath ar aon os cionn 200,000 lucht féachana don chainéal. Níor sháraigh ach dhá chlár eile riamh ar TG4 na figiúirí féachana sin - beochlúdach an chainéil ar an dá chluiche sacair idir Ceiltigh Ghlaschú agus Barcelona i gCorn sacair UEFA in Earrach 2004.


Léiríonn na figiúirí sin tábhacht an beochraolta spóirt archaighdeáin do TG4. Ach ní le réimse amháin clár is féidir scair fhéachana bhliantúil a mhéadú. Is é raon leathan agus ardchaighdeán na glár a bhain amach an méid seo do TG4. Léiríonn an liosta seo de mhórchláracha TG4 ó thaobh figiúirí féachana TG4 do 2004 an saibhreas agus an ilghnéitheacht a bhaineann leis an gclársceideal: *Scannáin, Amú Frank Ned agus Buzy Lizzie, Poitín, Glór Tíre, Geantraí, Survivor, Nuacht TG4, Cold Case, Nip/Tuck, Ringy*. Chruthaigh *Cúla4*, seirbhís pháistí an chainéil, go hiontach i 2004 freisin agus ba mhinic scair ós cionn 20% de pháistí aige.

### Buillí ar an Suíomh Idirlín




- Méadú ar úsáid an tSuímh i 2004 thar 2003
- 13.6m buille (i gcomparáid le 11.5m)
- Méadú 15% ar thrácht Idirlín i 2004

### TRÁCHT ÁITIÚIL



- Méadú ar thrácht áitiúil ar an Suíomh i 2004 – aidhm a leagadh síos i 2002.
- Méadú 39% ó 2002

### Aischothú ón Suíomh



- Aischothú ón Suíomh méadaithe go mór ó 2002
- An aidhm seo leagtha síos ó 2002. Fáilte roimh aischothú. Faigheann gach teagmháil freagra.
- Méadú 94% ó 2002

## Torthaí Airgeadais

Fuaireamar allúntas reatha €23.29m ón Státchiste i 2004 agus bhí €2.64m á thuar mar ghlan-ioncam tráchtála. D'fhág sin gur buiséad iomlán caiteachais €25.93m a leagadh síos do 2004.

Fíor chaiteachas €26.27m a rinneadh, siocair go raibh barrachas €350k d'ioncam tráchtála ar fáil.

Cuireadh an barrachas €350k san ioncam tráchtála mar aon le coigilt €229k ar bharrchostais/costais foirne chun sochair do chostais clár, rud a chuir ar ár gcumas an caiteachas ansin a mhéadú ón sprioc €18.01m go fíorchaiteachas €18.59m – agus €16.56m de sin ar an bpríomhsceideal.

## Caiteachas Clár

Buiséad €16.1m a leagadh síos don phríomhsceideal do 2004. Bhí fíorchaiteachas €16.56m ann, sin 71% den Deontas i gCabhair ón Státchiste.

Aicme Clár	€m
Cláracha Coimisiúnaithe	11.99
Cláracha Páistí, ceannacháin agus athghuthú	2.79
Daoine Fásta, ceannacháin agus athghuthú	.81
Fotheidil	.21
Aimsir, Cúla4 agus Euronews	.25
Ceartha ceoil, comhairleoireacht teanga &rl	.51
<b>Iomlán</b>	<b>16.56</b>

## Coimisiúin

Cuireadh airgead breise ar fáil do chláracha faisnéise, go háirithe do shraitheanna ar nós *Púca & Péist*, *Ceart & Cóir*, *Na Normánaigh* agus *An Saol Beo* a bhí le craoladh i gclársceideal 2004/2005 agus i gCeol don tsraith nua *Glór Tíre*. Bhí coigiltí ann i Spórt le cailliúint na gcearta rugbaí agus i *Ros na Rún* de thoradh éifeachtachta.

### Coimisiúin de réir aicme

Cruthaíodh 462 uair de chláracha coimisiúnaithe ón gcaiteachas €12m mar seo a leanas:

Aicme	€,000	Uair
Ros na Rún	3,313	36.0
Faisnéis	1,508	32.0
Cogar (faisnéis leathuaire)	539	11.5
Spórt	2,334	169.0
Drámaíocht	999	11.0
Ceol	1,567	103.0
Siamsaíocht	897	23.0
Taisteal	290	7.0
Stiúideo	320	57.5
Eile (forbairt/scripte &rl)	226	12.0
	<b>11,992</b>	<b>462.0</b>

### Ceannacháin/Athghuthú

Ceannaíodh agus rinne athghuthú ar chláracha breise do pháistí do chlársceidal 2004/5 ar chostas €730k agus d'fhág caiteachas breise ar chearta breise spóirt (go háirithe cluichí sacair Cheiltigh Ghlaschú) go raibh caiteachas breise €177k sa réimse seo.

### Costas Tarchuir

Ghearr RTNL €2.77m de tháillí tarchuir, agus cúitíodh €2.15m de seo ó lasacht RTÉ.

Bhí costais ghlana tarchuir agus satailíte €615k agus €37k sa gCuntas Brabúis agus Cailteanais i gcomparáid leis an tuar €611k agus €73k, a leasaíodh tar éis amúchadh ar an Deontas athrangaithe.

Tharla an choigilt i leith na satailíte bunaithe ar chinneadh RTNL gur i lár mhí Aibreáin a thosnaigh tréimhse an chonartha.

### **Cúrsaí Foirne**

Figiúir ionann is 77 post a bhí áirithe mar uimhir foirne lánaimseartha i gcuntais TG4 i 2004, ar chostas iomlán €4.033m, pinsin san áireamh.

Níor tharla aon mhéadú ar líon na croífhoirne bhuan i rith na bliana. Ach d'fhág clúdach do shaoire mháithreachais, ionadaíocht d'fhoireann innealtóireachta a d'fhág i 2003 ach ar cuireadh moill ar chomharbacht go dtí 2004 agus duine amháin a bheith ar thogra speisialta i rith na bliana go raibh méadú seisir ar an meán-fhigiúir foirne i gcomparáid le 2003.

### **Caipiteal**

Ceadaíodh deontas caipiteal €869k don bhliain agus tharla caiteachas iomlán caipiteal €856k. Níor críochnaíodh an fhorbairt bhogearraí don chóras díolacháin fógraíochta roimh dheireadh na bliana agus beidh fuilleach an airgid ag teastáil dó sin.

## **Ioncam ó dhíol fógraíochta 2004**


Tar éis gur tháinig fás carnaithe 43% ar ioncam ó dhíolachán fógraíochta sna trí bliana ó Nollaig 2000, leanadh leis an bpátrún sin i 2004, le ráta fáis 15% ón mbliain roimhe sin, sárú ar an ráta reatha sa margadh náisiúnta teilifíse. Tuilleadh €3.466m i rith na bliana, méadú €398k ar an sprioc don bhliain agus méadú €450k ar ioncam na bliana roimhe sin.

Is díol suntais ar leith é seo i bhfianaise na géariomaíochta sa margadh in Éirinn ó leithéidí Sky, Nickelodeon, MTV agus anois Setanta Sports. Cé gur chruthaigh TG4 go maith i 2004, ní foláir obair chrua, fócas ar an margadh agus ar na cliaint agus cláracha teilifíse d'ardchaighdeán má táthar le leanacht leis an bpátrún fáis seo don am atá le teacht.


Tugann an Tábla seo figiúirí don Ioncam Fógraíochta, Fíor v Sprioc do 2004.

<b>Ráithe</b>	<b>Sprioc Glan</b>	<b>Fíor Glan</b>	<b>Comhardú +/-</b>
<b>R1</b>	644,100	709,100	65,000
<b>R2</b>	828,100	977,000	148,900
<b>R3</b>	705,400	809,350	103,950
<b>R4</b>	889,600	970,150	80,550
<b>lomlán</b>	<b>3,067,200</b>	<b>3,465,600</b>	<b>398,400</b>

Tugann an léaráid thíos an ráta fáis in Ioncam Fógraíochta TG4 2001 - 2004.



Tugann an léaráid thíos an fás sa margadh náisiúnta teilifíse i ndíoláchan fógraíochta 2001/04





## **Ioncam Urraíochta 2004**

Socraíodh sprioc €212,500 d'ioncam urraíochta do 2004. Bhí an €262,620 a tuilleadh i rith na bliana 23% níos airde ná an sprioc sin.

B'iad seo a leanas ár bpríomhurratithe i 2004 Vodafone (*Hector*) Foras na Gaeilge (*Ros na Rún*), Eircom (*Aimsir*), Guinness (*Neelo*), Heineken (*Scannáin*), Suzuki (*Peil na mBan*) Irish Examiner (*Rugbaí*) and Smithwicks (*Laochra Gael/All-Ireland Gold*).

<b>Bliain</b>	<b>Sprioc Glan</b>	<b>Fíor Glan</b>	<b>Comhardú +/-</b>
2004	212,500	262,600	50,100

## **Feachtais Mhargaíochta.**

Cé gur ar chur chun cinn Sceideal an Fhómhair a bhí an bhéim is mó, bhí gníomhaíocht mhargaíochta TG4 ar fáil i rith na bliana. Seo achoimre ar na príomhfheachtais a ritheadh:

Cuireadh feachtas ar bun san Earrach le tacú le ath-thosnú bheochlúdach TG4 ar chluichí CLG gach Domhnach – feachtas fógraí raidió mar aon le fógraí sna meáin chlóite.

Fógraíocht do *Ros na Rún* i mí Márta agus do thús an tséasúir nua i Meán Fómhair. Bhí bolscaireacht ar RTÉ agus TG4 agus margáíocht dhíreach le paca cártaí a cuireadh chuig tithe ósta agus coláistí Gaeilge ar fud na tíre ar a raibh grianghrafanna agus eolas faoi na príomhcharachtair sa sobaldhráma.

Tugadh tacaíocht d'urraíocht ard-phróifíl TG4 féin ar Chraobh Pheil na mBan le margáíocht Shamhraidh in irisí agus foilseacheáin eile. Thuill beochlúdach TG4 ar Chluiche Ceannais na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh 3 Deireadh Fómhair 2004, lucht féachana 208,000 duine don chainéal.

Cuireadh comharthaíocht nua leictreonach TG4 ar fáil i bPáirc an Chrócaigh don Chluiche Ceannais sin agus cuirfear seo chun leasa an chainéil i bhfeachtais eile amach anseo.

Rinneadh forbairt ar íomhá nua TG4 ar an scáileán i ndeireadh 2003 agus cuireadh tús lena gcraoladh in Eanáir 2004 agus ina dhiaidh sin. Tugadh ardmholadh agus an duais is airde don saothar seo ag ICAD, dhá Chloigín Óir. Tugadh duaiseanna ag an ócáid chéanna sin do chomhlacht QMP atá díreach ceaptha ag TG4 mar pháirtí margaíochta.

Bhí *Seó Bóthair Samhraidh Chúla4* ar cheann de bhuaiceanna margaíochta na bliana, feachtas faoinar thug foireann an chlár seo cuairt ar ocht n-ionad ar fud na tíre, ó Dhoire go Loch Garman.

Tugadh tacaíocht mhargaíochta freisin do roinnt sraitheanna agus cláracha aonair, ina measc feachtas forleathan náisiúnta agus áitiúil raidió don tsraith nua *Glór Tire, Underdogs* agus duaischláracha faisnéise an chainéil.

Leanadh leis an bhfeachtas margaíochta ar TG4 agus ar RTÉ i rith 2004.

### **Conarthaí TG4**

Tháinig deireadh tréimhse do dhá mhórchonradh de chuid TG4 i 2004: an conradh do Dhíolachán Fógraíochta a bhí ag Post TV agus an conradh do Sheirbhísí Margaíochta a bhí ag MCM.

Cuireadh an dá chonradh seo ar tairiscint i mí Lúnasa 2004.

### **Conradh do Sheirbhísí Margaíochta**

Rinne 11 comhlacht tairiscint ar an gconradh seo – MCM, Hunter Red Cell, Haveco, Proactive, BFK, Enterprise, Martec, QMP Publicis, Moore Communications agus One Com.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar na tairiscintí mar chéad chéim, socraíodh gearrliosta ar a raibh cheithre chomhlacht: MCM, Proactive Design, QMP Publicis and Hunter Red Cell. Lorgaíodh eolas breise cuí agus cúlra ó na comhlachtaí sin, tionóladh agallaimh leo ar fad, roghnaíodh QMP Publicis agus cuireadh moladh chuig Bord

Sheirbhísí as ar tairgeadh conradh trí bliana ar an gcomhlacht sin dár túsdata 01 Feabhra 2005.

### **Conradh Díolachán Fógraíochta**

Chuir trí chomhlacht – Post TV, Know How Media agus Principal Media Limited tairiscintí isteach ar an gconradh seo.

Tugadh saineolaí seachtrach (Michael Lench – iarfhostaí le Channel 4 UK) - ar bord le comhairle a sholáthar le linn an phróisis roghnúcháin.

Lorgaíodh eolas cuí cúlra ón trí chomhlacht, tionóladh agallaimh leo ar fad, roghnaíodh Post TV agus cuireadh moladh chuig Bord Sheirbhísí as ar tairgeadh conradh trí bliana ar an gcomhlacht sin dár túsdata 01 Eanáir 2005.

### **Clár Caipitil**

Togra lonchuir: Críochnaíodh Céim 1 dEn togra seo in Eanáir 2004 – insealbhú ar dhá fhreastalaí tarchuir atá ina scathán ar a chéile.

Críochnófar Céim 2 i mí na Nollag faoin mbeidh SAN (stóras roinnt meán) ollmhór ag an gcainéal (suas le 100 uair an chloig d'ábhar físe craolta). Tig le úsáideoirí éagsúla a bheith ag obair ar ábhar stóráilte go comhuaineach (mar shampla eagarthóireacht agus graificí). Tá an t-athghuthú ilfhormáideach atá mar chuid den togra seo curtha i gcrích cheana féin. Cuireann seo ar ár gcumas formáidí éagsúla téipe agus diosca a dubáil chuig go leor meaisíní VHS. Tá rannóg d'anailís ar chaighdeán clár curtha i gcrích freisin i gceann de na bothanna a bhíodh in úsáid againn d'fhorghuthú.

Tá córais ilmheáin curtha i bhfearas i roinnt seomraí sa gCeannáras, ina measc an Seomra Boird agus an Seomra Cruinnithe beag athchóirithe.

Cuireadh tús i mBealtaine na bliana seo freisin le *Foras Feasa* inlíon inmheánach TG4. Is do logáil innealtóireachta, líníochtaí agus do chláracha cothabhála is mó a bhaintear úsáid as seo faoi láthair ach tá sé ag fás agus leas á bhaint as do chúrsaí pearsanra agus riaracháin.

I gcóras theicneolaíocht an eolais TG4, tá dhá fhreastalaí Windows 2000 atá ina scathán ar a chéile curtha in áit na gcinn Novell a bhí ann. Tá ceann acu seo lonnaithe taobh amuigh den Cheannáras ar mhaithe le leanúnachais gnó. Tá córas scagtha r phoist curtha ar bun i mbliana mar sciath chosanta ar phost nach dteastaíonn, turscar agus ábhar truaillithe ag víorais san áireamh. I Stiúideo 1, tá seit nua Nuachta tógtha chun oiriúint don stíl nua atá ag an bhfeasachán ag Nuacht TG4 agus tá seiteanna do na cláracha *7 Lá* agus *Soiscéal Phádraig* tógtha le taobh an seit fíorúil do *Chúla4*.

Craoltar an uair an chloig dheireanach de chlársceideal laethúil go huathoibreach. Cuirtear an t-ábhar clár don uair an chloig sin chuig freastalaithe tarchuir agus as sin go haer.

Tá freastalaí Adstream insealbhaithe agus á thástáil faoi láthair, rud a chuirfeadh ar ár gcumas fógraí tráchtála a chur go haer gan iad a bheith ar téip ag aon phointe sa gcóras.

Tá na goiris iar-léiriúcháin ar fad anois nasctha in aon ghréasán amháin, NAS.

Tá Fortheidealóir nua do Stiúideo 2 á insealbhú faoi láthair.

Leanadh leis an athnuachan ar bhonneagar tarchuir TG4 i rith na bliana.

Malairt bealaigh chuig an gcóras tarchuir.

I Samhain 2004 rinne TG4 mar aon le ntl agus RTNL tástáil a raibh toradh dearfach uirthi ar chomhartha craolta a sheachadadh idir an túr ag an gCeannáras i mBaile na hAbhann agus crann craolta ntl ag Tóin na Brocaigh. Ciallaíonn seo go bhfuil malairt cearcaide ann lenar féidir dáileadh an chomhartha craolta amach as an gCeannáras agus inchur ábhair clár isteach chuig an gCeannáras a dhéanamh fiú dá dteipfeadh ar an gcearcad atá i bhfearas cheana ag gréasán RTNL. Cuireann an cearcad nua nasc ar snáithín-optach ar fáil díreach go Montrose, via gréasán ntl. Tig leis an gcearcad nua seo ábhar idirlín agus gutháin a iompar freisin.

## **Tosaíochtaí agus Príorachtaí 2005**

- Leanacht leis an iarracht maoiniú sásúil a fháil do TG4, mar a leagadh síos roimhe seo ag comhairleoirí neamhspleácha, faomhaithe ag an Roinn agus an plean maoinithe sin a fheidhmiú.
- Leanacht le coimisiúnú cláracha ardchaighdeáin costas-éifeachtach chun freastal ar riachtanais an chlársceidil, athghuthú a dhéanamh ar 200 uair an chloig de chláracha páistí agus foinsí eile maoinithe a fhiosrú agus a thapú.
- An phleanáil chuí a stiúradh le go dtig linn a bheith ullamh do mhaoiniú a thiocfaidh ó na cistí léiriúcháin i dTuaisceart Éireann agus ón gCoimisiún Craolacháin nuair a cheadófar an scéim sin.
- Leanacht leis na comhráití le CLG chun go mbainfear amach Conradh nua cearta leis an eagrais sin chun sástachta TG4.
- An scair fhéachana a choinneáil agus a mhéadú.
- Tograí taighde a mhaoirsiú agus a mheas, ina measc, Suirbhé Gaeilge, Taighde lucht féachana agus b'fhéidir comhthogra ar chláracha páistí le hIonad Taighde Léirsinn Research Centre in Albain.
- An pátrún dearfach fáis d'ioncam tráchtála a choinneáil agus foinsí nua maoinithe a aimsiú.
- Leanacht leis an iarracht go mbeadh comhartha craolta TG4 ar fáil ar fud Thuaisceart Éireann ar gach ardán dáilithe.
- An Plean Caiteachais Caipiteal a bhainistiú agus a mhaoirsiú, Céim 3 den togra Profile san áireamh.

- Comhordú agus pleanáil don togra athnuachana agus cóirithe don trealamh a briseadh le linn plimp thintrí Eanáir 2005 agus an t-éileamh árachais a lean as an eachtra sin a bhainistiú.
- Gach gné den phróiseas i dtreo neamhspleáchas TG4, faoi mar a haithníodh agus a haontaíodh ag an nGrúpa Feidhme a ceapadh, a bhainistiú agus a stiúradh.
- Maoirseacht agus measúnú a dhéanamh ar na conarthaí nua a bronnadh ar QMP/Post TV chun go mbeadh an tseirbhís agus an luach is fearr á bhaint amach.